# Cabhair le Ceannach – Treoir Achomair do Dhlíodóirí

Eanáir 2024

*Tabhair do d'aire, is mar áis léirithe amháin atá na scáileáin shamplacha ar fud an doiciméid seo*

## Réamhrá

Dearadh an **scéim Cabhair le Ceannach (CLC)** chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire leis an éarlais a theastaíonn chun maoin cháilitheach a cheannach nó a fhéin-tógáil chun cónaí ann mar a n-áit chónaithe. Foráiltear leis an CLC d'aisíocaíocht Cánach Ioncaim agus Cánach Coinneála ar Ús Taisce (CCÚT) a íoctar sa Stát do na ceithre bliana cánach roimhe, faoi réir na dteorainneacha a bhfuil achoimre orthu sa reachtaíocht (Alt 477C den ACC 1997).

Tugadh scéim CLC fheabhsaithe isteach in 2020 mar chuid de phacáiste do Spreagthaí an Rialtas. Tá síneadh breise curtha leis an bhfaoiseamh feabhsaithe CLC agus anois, rachaidh sé in éag ar an 31 Nollaig 2025. Sa chás go síníonn na hiarratasóirí conradh chun maoin cáilithíoch a cheannach nó go dtarraingíonn anuas an chéad sciar den mhorgáiste i gcás maoine féin-tógála le linn na tréimhse idir an 23 Iúil 2020 agus an 31 Nollaig 2025, foráiltear leis an bhfeabhsú seo go mbeidh na hiarratasóirí incháilithe le haghaidh faoiseamh méadaithe faoin scéim CLC go dtí an tsuim is ísle den mhéid seo:

(1) €30,000, nó

(2) An tsuim Cánach Ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na ceithre bliana roimh an iarratas a dhéanamh, nó

(3) 10% den phraghas ceannaigh nó den luacháil ceadaithe i gcás féin-tógála.

*Ba chóir an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an **Lámhleabhar Cánach agus Dleachtanna Cabhair le Ceannach - Cuid 15-01-46** a thugann breac-chuntas ar riachtanais scéim CLC.*

### Ról na nDlíodóirí sa phróiseas CLC

Sa chás go bhfuil maoin cháilitheach nua á tógáil ag iarratasóir CLC, iarrtar ar dhlíodóir an iarratasóra éileamh CLC an iarratasóra a fhíorú. Sula bhféadann dlíodóir éileamh CLC i leith féintógála a fhíorú, ní mór dó/di iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le bheith mar dhlíodóir cláraithe chun críocha éileamh CLC féin-tógála a fhíorú.

### Conas a bheith i do Dhlíodóir Cláraithe

Le bheith mar dhlíodóir cláraithe chun éilimh féin-tógála CLC a fhíorú, ní mór do dhlíodóirí foirm chomhlánaithe **Foirm-CLC2** a thíolacadh trí M'Fhiosruithe in ROS, mar **an Scéim Cabhair le Ceannach – Ceadú Dlíodóra.**

Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an t-iarratas a phróiseáil agus má tá sonraí uile an iarratais i gceart, dearbhóidh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an dlíodóir cláraithe le héilimh CLC féintógála amháin a fhíorú. Is faoi Chonraitheoirí Cáilitheacha atá an fhreagracht éilimh CLC a fhíorú maidir le maoine ceannaithe. Má tá ceisteanna/fiosruithe ann maidir leis na sonraí tíolactha ag an dlíodóir, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim freagra trí M'Fhiosruithe.

Céimeanna an Phróisis CLC

### Céim 1 Céim an iarratais

Ní mór don iarratasóir na critéir mar cheannaitheoir céaduaire a chomhlíonadh chun iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an bhfaoiseamh CLC. Beidh seiceálacha córasacha ann le cinntiú go bhfuil an iarratasóir comhlíontach ó thaobh cánach de, agus nuair a dheimhnítear iad, eiseofar achoimre chuig an iarratasóir ar a léireofar an faoiseamh cánach uasta dlite bunaithe ar an gcáin a íocadh. Eiseofar Uimhir Iarratais (dar tús "A") agus Cód Rochtana chuig Bosca Isteach an Iarratasóra ar M'Fhiosruithe. Tá an cód seo riachtanach chun an próiseas a chomhlánú.

## Céim 2 Céim an Éilimh

Nuair atá conradh déanta ag an iarratasóir áit chónaithe a cheannach nó go bhfuil an chéad sciar dá morgáiste tarraingthe anuas acu, féadfaidh sé nó sí céim an éilimh a chomhlánú. Baineann céim an éilimh den phróiseas leis an iarratasóir ag cur sonraí na háite cónaithe féin-tógála cáilithí, lena n-áirítear:

- Sonraí morgáiste - litir thairisceana agus foirm ghlactha, nach mór a bheith sínithe agus dáta curtha air
- Seoladh na maoine
- Luacháil / Praghas (is é seo an luacháil ceadaithe ag an iasachtóir de réir rialacha stuamachta an Bhainc Ceannais)
- BIC agus IBAN an chuntais iasachta cáilithí (is é seo an cuntas leis an iasachtóir ina n-íocfar an aisíocaíocht)

Ríomhfar an faoiseamh cánach agus eiseofar Uimhir an Éilimh (dar tús "C") trí M'Fhiosruithe. Sula n-íoctar aon aisíocaíocht, is gá an t-éileamh a bheith fíoraithe ag dlíodóir cláraithe chun críocha éilimh CLC féin-tógála a fhíorú.

Féadtar tuilleadh eolais mhionsonraithe faoin bpróiseas CLC ó thaobh an iarratasóra de a fháil in **Cabhair le Ceannach Treoir – Achomhair d'Iarratasóirí.**

## Céim 3 Céim an Fhíoraithe

Nuair a céim an éilimh comhlánaithe, ba chóir d'iarratasóirí a ndlíodóir a chur ar an eolas go bhfuil a gcuid den phróiseas CLC comhlánaithe acu.

Ba chóir don dlíodóir logáil isteach ar ROS agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuireann an t-éilitheoir CLC ar fáil. Nuair atá an dlíodóir sásta go bhfuil gach rud in ord leis an éileamh CLC, féadtar an t-éileamh a fhíorú. Má chinneann an dlíodóir go bhfuil ionchur faisnéise an éilitheora ag céim an éilimh mícheart, ba cheart dó/di a chur in iúl don éilitheoir an fhaisnéis sin a nuashonrú. I gcás dlíodóirí atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim do Chabhair le Ceannach, feicfidh siad rogha ar an scáileán Seirbhísí ROS chun 'CLC a fhíorú'.

Chun éileamh a fhíorú, is gá do dhlíodóirí Uimhir an Éilimh CLC agus Cód Rochtana CLC a chur isteach. Is é an féin-tógálaí céaduaire a chuireann an uimhir agus cód seo ar fáil.

Ba chóir do dhlíodóirí a thabhairt dá n-aire go dtosóidh Uimhir an Éilimh le "C" i gcónaí. Is ionann é sin agus an dara céim, céim an éilimh. Is ionann an Cód Rochtana CLC do chéim an iarratais agus do chéim an éilimh araon.

Bunaithe ar an eolas curtha ar fáil ag an éilitheoir CLC, nó atá ar fáil thairis sin mar chuid den gnáthphróiseas tíolactha, is gá do dhlíodóirí na gnéithe seo a leanas d'éileamh CLC a fhíorú:

- Ainm(neacha) an fhéintógálaí céaduaire,
- Seoladh na maoine
- An luacháil / praghas (féach thuas le haghaidh sainmhíniú)

Éilítear ar an dlíodóir freisin a chinntiú go bhfuil na doiciméid seo a leanas curtha ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim:

- fianaise ar an iasacht cháilitheach a ndearnadh
- fianaise ar tharraingt anuas an chéad sciartha d'iasacht cháilitheach.

**Tabhair do d'aire: Ní chomhlíonann maoiniú cothromais arna sholáthar ag an Stát mar chuid de shocrú cothromais comhroinnte critéir iasachta cáilithí chun críocha na scéime CLC**.


Ar an gcoinníoll go dtagann an fhaisnéis curtha isteach ag an gceannaitheoir céaduaire i gcéim an éilimh CLC leis an bhfaisnéis fíoraithe ag an dlíodóir cláraithe, ceadóidh na Coimisinéirí Ioncaim an t-éileamh CLC.

Mura bhfuil an Dlíodóir in ann an fhaisnéis a fhíorú, is gá dóibh teagmháil a dhéanamh leis an éilitheoir CLC chun iad a chur ar an eolas faoin bhfadhb / neamhréiteach.


Léiríonn na scáileáin ROS seo a leanas na céimeanna a bheidh i gceist.





**Léaráid 1. Cuir isteach Uimhir an Éilimh CLC agus an Cód Rochtana CLC**




**Léaráid 2. Fíoraigh ainmneacha na fhéintógálaí céaduaire**




**Léaráid 3. Fíoraigh seoladh na maoine**




**Léaráid 4. Fíoraigh an luacháil / praghas cheadaithe**

Nuair a bheidh sé ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, aisíocfar an t-éileamh leis an gcuntas bainc a chuireann an féintógálaí céaduaire ar fáil.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.